

CONRADH FOSTAÍOCHTA

CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA (Bunscoil)

1. Páirtithe

1.1. Tá an Conradh Fostaíochta seo arna dhéanamh ar an _____ ú lá de _____ 20
idir na páirtithe seo a leanas:

1.1.1. Fostóir: Bord Bainistíochta _____
(a nglaohtar “An Bord” air feasta).

Seoladh:

1.1.2. Fostaí: _____

2. Coinníollacha Seirbhíse

2.1. Is post lánaimseartha/páirtaimseartha é seo agus, faoi réir na gclásal thíosluaite, tosóidh d’fhostaíocht ar (dáta) _____ agus leanfaidh an fhostaíocht go dtí a foirceanta nó go dtí go ndéantar í a fhoirceannadh de réir mar a fhoráiltear anseo ina dhiaidh seo

2.2. Beidh tú ar promhadh ar feadh sé mhí le héifeacht ó _____ .
Ag deireadh na tréimhse ráite féadfar do cheapachán a dheimhniú, féadfar promhadh a fhadú ar feadh tréimhse nach faide ná dhá mhí dhéag nó féadfar d’fhostaíocht a fhoirceannadh de réir chinneadh an Bhoird Bhainistíochta. Sa chás go mbíonn d’fheidhmíocht míshásúil le linn na tréimhse promhaidh nó na téimhse promhaidh breise, féadfar d’fhostaíocht a fhoirceannadh le fógra seachtaine amháin.

2.3. Beidh scála tuarastail an phoist seo i gcomhréir leis an scála tuarastail a bheidh infheidhme i leith Cúntóirí Riachtanas Speisialta [CRS] arna chinneadh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Déanfar incrimintí a dhámhadh tar éis gach bliain de sheirbhís shásúil i bpost faofa mar Cúntóir Riachtanas Speisialta i scoil aitheanta.

- 2.4. Íocfar tuarastal go coicísiúil go riaráisteach.
- 2.5. Éileofar ort gnáth-uaireanta ranga a oibriú lena n-áirítear tréimhsí sosa ranga agus ina theannta sin a bheith i láthair roimh agus tar éis am scoile chun cabhrú le hullmhúchán agus slachtú seomraí ranga, glacadh agus scaipeadh páistí etc. Beidh gnáth-uaireanta oibre ó [] go [] gach lá le linn an téarma. Feidhmeoidh gnáth theidlíochtaí sosa oibre de réir fhorálacha an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997. Is de rogha an Phríomhoide a ghlacfar na sosanna seo.
- 2.6. De ghnáth beidh an t-áitreabh scoile mar an ghnáth-ionad fostaíochta.
- 2.7. Ar ócáidí, beidh ar pháistí ag a bhfuil riachtanais speisialta a bheith i lathair ag ionad eile lasmuigh den scoil, agus i gcásanna dá leithéid, éileofar ort iad a thionlacan chuig an agus ón ionad san.
- 2.8. Rúndacht. Táthar ag súil leis go ndéileálfadh tú agus go gcaithfidh tú le gach rud a bhaineann le cúrsaí scoile agus le d'obair sa scoil mar Chúntóir Riachtanas Speisialta [CRS] faoi rún daingean. Déileálfar le haon sárú i leith an cheanglais seo mar bheart tromchúiseach mí-iompair.
- 2.9. Is in Aguisín 1 a ghabhann leis seo a leagtar amach an cineál oibre a bhíonn le déanamh agat faoi threorú Phríomhoide na Scoile nó dhuine sinsearach eile ag gníomhú ar son an Fhostóra.
- 2.10. Leagtar amach forálacha saoire breoitechta i leith an phoist in Aguisín 2 a ghabhann leis seo.
- 2.11. Leagtar amach forálacha saoire máithreachais i leith an phoist in Aguisín 3 a ghabhann leis seo.
- Éilítear ort cloí le téarmaí Chiorcláin a eisíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna ó am go ham maidir le saoire mháithreachais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta.
- 2.12. Is de réir rialacha agus rialacháin na Roinne Oideachais agus Scileanna a bheidh socruithe pinsin le haghaidh Chúntóirí Riachtanas Speisialta mar a chinntear ó am go ham. Beidh téarmaí an Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004 i bhfeidhm maidir le haois scoir.
- 2.13. De ghnáth is iad na laethanta saoire a bhíonn i gceist ná na laethanta saoire a bhíonn ag na Scoileanna a mbíonn na Cúntóirí Riachtanas Speisialta sannta dóibh. Ina theannta sin is gá tú a bheith ar fáil ar feadh cúpla lá ag tús agus ag deireadh gach téarma scoile. Féadfar na laethanta seo (uaslón de 12 san iomlán) a chomhcheangal de rogha Bhainistíocht na Scoile agus iad a úsáid go solúbtha le linn na bliana le haghaidh obair a bhíonn oiriúnach don ghrád lena

n-áirítear traenáil. Ní bheidh níos mó ná cúig lá leantacha i gceist agus beidh siad díreach tar éis téarmaí scoile nó roimh théarmaí scoile nó beidh siad laistigh de cúpla lá den chéanna.

3. Nósanna Imeachta Casaoide agus Smachta

3.1. Nós Imeachta Casaoide

Beidh tú i dteideal nósanna imeachta casaoide a agairt de réir mar a chomhaontaítear ó am go ham.

Nós Imeachta Smachta

Beidh cead ag d'Fhostóir tú a chur ar fionraí, smachtbhannaí a chur ort agus do cheapachán a fhoirceannadh i gcomhréir lena leithéid de nósanna imeachta smachta/dífhostaithe a gcomhaontaítear leo ó am go ham.

Féadfar tú a dhífhostú as Scoil _____
de dheasca:

- 3.1.1.1. Neamhinniúlacht nó feidhmíocht mhíshásúil;
- 3.1.1.2. Mí-iompar (tromchúiseach nó leanúnach);
- 3.1.1.3. Éagumas;
- 3.1.1.4. Neamhchomhlíonadh treoracha réasúnacha;
- 3.1.1.5. Sárú Iontaoibhe;
- 3.1.1.6. Cúis mhór éigin eile.

4. Fógra Foirceanta

- 4.1. Tabharfar fógra de thréimhse chuí duit de réir fhorálacha an Acht um Fhógra Íosta agus Théarmaí Fostaíochta 1973-1991 mar is iomchuí. Féadfar d'fhostaíocht a fhoirceannadh trí iomarcaíocht a thairiscint. Sna himthosca sin feidhmeoidh téarmaí de chomhaontú comhchoiteann ar bith maidir le hiomarcaíocht.
- 4.2. Féadfar d'fhostaíocht a fhoirceannadh gan fógra mar thoradh ar mhí-iompar tromchúiseach.
- 4.3. Ní mór duit fógra ceithre seachtaine a thabhairt nuair a bheartaíonn tú éirí as do chuid fostaíochta.

- 4.4. Féadfaidh ceachtar páirtí fógra de thréimhse níos giorra a thabhairt de thoil a chéile.
- 4.5. Féadfar tuarastal a íoc in ionad fógra de rogha an Fhostóra.

5. Comhaontú

- 5.1. Glacaim agus aontaím le téarmaí agus coinníollacha uile mo chuid fostaíochta thuasluaite

Sínithe: _____

Cúntóir Riachtanas Speisialta

Dar Dáta: _____

Sínithe: _____

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

Dar Dáta: _____

AGUISÍN 1

Earcaítear Cuntóirí Riachtanas Speisialta go sonrach chun cabhrú le scoileanna na seirbhísí nach mbaineann le múineadh a chur ar fáil le haghaidh daltaí ag a bhfuil riachtanais oideachais mheasta. Is é/í an Príomhoide, ag gníomhú ar son an Fhostóra, a leagann amach na dualgais atá sannta orthu. Déanann an Príomhoide nó múinteoir ainmnithe ag an bPríomhoide maoirseacht ar a gcuid oibre. Is iad na dualgais atá le comhlíonadh acu ná tascanna nach mbaineann le múineadh mar atá:

1. An seomra ranga a ullmhú agus a ghlanadh suas.
2. Cabhrú le páistí scoile dul dul ar bord busanna scoile agus tuirlingt díobh. Taisteal mar thionlacóir ar bhusanna scoile le linn uaireanta scoile má éilítear san nuair a bhíonn gá.
3. Cabhair speisialta nuair a bhíonn gá le haghaidh daltaí a bhfuil deacrachtaí ar leith acu e.g. cabhrú le daltaí riachtanas speisialta clóscríobh nó scríobh a dhéanamh nó oibriú ar ríomhairí nó úsáid a bhaint as trealamh.
4. Cabhrú le gléasadh, cothú, leithreas agus sláinteachas pearsanta, ag tógáil riachtanais shláinte agus shábháilteachta an dalta san áireamh.
5. Ag cabhrú nuair a bhíonn cuairteanna lasmuigh den scoil i gceist, siúlóidí, scrúduithe agus gníomhaíochtaí eile dá leithéid.
6. Ag cabhrú leis na múinteoirí maoirseacht a dhéanamh ar na daltaí ag an tionól, ag am sosa agus ag am scaoilte ón rang ar chúis amháin nó ar chúis eile.
7. Daoine aonair nó grúpaí beaga a mbeidh orthu an rang a fhágáil ar feadh tréimhse ar chúis amháin nó ar chúis eile a thionlacan.
8. Cúnamh ginearálta a thabhairt do mhúinteoirí ranga, faoi threorú an Phríomhoide, le tascanna nach mbaineann le múineadh. (Níl sé ceadmhach do Chuntóirí Riachtanas Speisialta feidhmiú mar mhúinteoirí ionaid nó mar mhúinteoirí sealadacha. Níl sé ceadmhach in imthosca ar bith iad a fhágáil i gceannas iomlán ar rang nó ar ghrúpa daltaí).
9. Rannpháirtíocht i bpleanáil fhorbartha scoile, nuair is cuí, agus comhoibriú maidir le hathruithe ar bith i bpolasaithe agus i gcleachtais a eascraíonn as an bpróiseas forbartha scoile.

10. Teagmháil le tuismitheoirí dhaltáí riachtanas speisialta ar bhonn foirmeálta agus neamhfhoirmeálta de réir mar atá leagtha síos ag Bainistíocht na Scoile.

11. Dualgais eile in oiriúint don phost de réir riachtanais na ndaltaí agus na Scoile mar a tharlaíonn ó am go ham a chomhlíonadh. Féadfar dualgais eile in oiriúint don ghrád a leagadh ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta nuair a bhíonn daltaí riachtanas speisialta as láthair nó nuair a bhíonn obair phráinneach ar leith le déanamh.

AGUISÍN 2 ~ SOLÁTHAR SAOIRE BREOITEACHTA LE HAGHAIDH CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

1. Ní cheadófar aon saoire bhreiteachta le linn na chéad trí mhí de sheirbhís. Ina dhiaidh sin féadfar pá iomlán a cheadú le linn saoire breiteachta laistigh de na teorainneacha seo a leanas:
 - a) I ndiaidh trí mhí de sheirbhís leanúnach, pá breiteachta ar an ráta iomlán le haghaidh tréimhse suas go sé seachtaine in aon tréimhse de sheirbhís dhá mhí dhéag;
 - b) I ndiaidh sé mhí de sheirbhís leanúnach, pá breiteachta ar an ráta iomlán le haghaidh tréimhse suas go naoi seachtaine in aon tréimhse de sheirbhís dhá mhí dhéag;
 - c) I ndiaidh dhá mhí dhéag de sheirbhís leanúnach, pá breiteachta ar an ráta iomlán le haghaidh tréimhse suas go trí seachtaine déag in aon tréimhse de sheirbhís dhá mhí dhéag.
2. Ní mór teastais dhochtúra a chur ar fáil don Bhord Bainistíochta i ngach cás de bhreiteacht leanúnach ar an tríú lá den asláthaireachas ar a dhéanaí. I gcoitinne, ní cheadófar tréimhse de bhreis agus seachtain ar aon teastas breiteachta. Sa chás go síneann an t-asláthaireachas ón Aoine go dtí an Luan agus an dá lá sin san áireamh, ní mór teastas dochtúra a chur ar fáil.
3. Meabhraítear do Chuntóirí Riachtanas Speisialta atá ar promhadh go dtógfar a sláinte agus líon agus réimse a saoire breiteachta san áireamh nuair a bheifear á meas le haghaidh ceapacháin. Ní féidir glacadh leis an gCuntóir Riachtanas Speisialta mar cheapachán oiriúnach, má bhíonn aon ghné díobh seo míshásúil.
4. Beidh na coinníollacha áirithe seo a leanas i gceist maidir le ceadú saoire breiteachta:
 - a) go gcuirtear teastas dochtúra cuí ar fáil;
 - b) nach mbíonn aon fhianaise ann maidir le míchumas buan le haghaidh seirbhíse.
5. Sa chás go stoptar pá breiteachta toisc an t-uasmhéid ama a bheith sroichte, ní féidir é a atosú arís le linn na tréimhse asláthaireachais céanna.
6. Ní áirítear saoire bhreiteachta gan phá mar sheirbhís cháilithe le haghaidh breis saoire breiteachta le pá.

7. **Saoire Bhreiteachta Gan Teastas**: Ceadaítear saoire bhreiteachta de asláthaireachas lae amháin nó dhá lá, nach sáraíonn seacht lá ina iomláine i dtréimhse dhá mhí dhéag, gan teastas dochtúra. Ní mór teastas dochtúra a chur ar fáil ina dhiaidh sin, áfach, má sháraíonn líon na n-asláthaireachas seacht lá ina iomláine ag comhaireamh siar ón asláthaireachas deireanach go dtí go sroichtear cothromaíocht.

Íocfar tuarastal iomlán le linn saoire breiteachta **má chloítear leis an nós imeachta seo a leanas**:

Má bhíonn Cúntóir Riachtanas Speisialta as láthair ar saoire bhreiteachta ar feadh tréimhse níos mó ná trí lá as a chéile, ní mór dó/di foirm a chomhlánú le haghaidh Sochair Mhíchumais (ar fáil ón dochtúir teaghlaigh). **Is ceart é seo a chur ar aghaidh chuig Rannóg Íocaíochta na gCRS, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, a chuireann ar aghaidh é go dtí an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Ní mór do Rannóg Íocaíochta na gCRS an t-éileamh a chur ar aghaidh laistigh de sheacht lá ó thús na breiteachta chun a chinntiú go n-íocfar pá iomlán leis an gCRS.**

AGUISÍN 3

Ciorclán CRS 13.05 [SNA 13/05] ~ Saoire Mháithreachais/Uchtála agus Atharthachta le haghaidh Thagairtí do Chúntóirí Riachtanas Speisialta ~ (Formáid Comhaid Word 163KB).

Féadfar dul isteach i gCiorclán CRS 13/05 [Circular SNA 13/05] trí shuíomh idirlíon na Roinne Oideachais agus Scileanna ag www.education.ie faoi Phearsanra Oideachais/Chúntóirí Riachtanas Speisialta.